

## **Cuireadh Chun Tairisceana**

Taighde ar an nGaeilge sa Ghaeltacht le samplaí den máithris (*motherese*) a aimsiú agus le foclóir, leaganacha cainte agus téarmaí a bhaineann le fás agus luathfhorbairt an linbh, iompar clainne agus breith an linbh a bhailiú agus a chur le chéile.

Fáilteoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) roimh iarratais ó scoláirí agus ó thaighdeoirí leis an saineolas cuí chun staidéar a dhéanamh ar fhoinsí atá ar fáil go dáta, le hobair taighde nua a dhéanamh agus chun tuarascáil a chur ar fáil.

€12,500 uasmhéid an bhuiséid don togra.

Spriocdháta na n-iarratas: 10 Lúnasa 2020.

Tuilleadh eolais & Téarmaí Tagartha ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le [sorcha@tuismitheoiri.ie](mailto:sorcha@tuismitheoiri.ie)

Tá an taighde seo á choimisiúnú ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Ealaíon, Meán, Turasóireachta, Spóirt agus Gaeltachta. Ní mór cloí le treoirlínte Covid-19 an rialtais in aon obair taighde a bheidh ar bun.